C/2024/6997

19.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11725 – VALEO FOODS / IDC HOLDING)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6997)

1. An 11 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Valeo F4 Company Limited ('Valeo Foods') (Éire), faoi rialú deiridh Bain Capital Investors, LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— IDC Holding, a.s. ('IDC Holding') (an tSlóvaic), faoi rialú Finhold, s.r.o. (an tSlóvaic).

Gheobhaidh Valeo Foods rialú aonair ar IDC Holding ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir agus dáileoir idirnáisiúnta é Valeo Foods ar réimse táirgí bia, lena n-áirítear milseogra siúcra agus seacláide, sneaiceanna milse, sneaiceanna saillte, anlainn, leatháin, agus réimse táirgí grósaera comhthimpeallacha eile,

— Is monaróir agus dáileoir é IDC Holding ar sneaiceanna milse brandáilte agus táirgí milseogra, lena n-áirítear barraí seacláide ilphacáiste, sliseoga, brioscaí, cácaí spúinse & arán sinséir, milseáin ilchineálacha agus cineálacha eile táirgí milseogra seacláide agus siúcra.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11725 – VALEO FOODS / IDC HOLDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').